Camchuairt Theresa May

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chinniúint an Bhreatimeachta. Cad é an nuacht is deireanaí faoin scéal? Pléigh a bhfuil ar eolas agat faoin topaic leis an duine in aice leat.

Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail agus na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- Europe will not re-enter negotiations
- in sheer desperation
- trapped, cornered
- in every move (turn) she makes
- he didn't mince his words
- further clarification
- to do away with
- fighting a losing battle

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo.

1. Cad atá ar siúl ag Theresa May faoi láthair?

2. Cad a bhí le rá ag na daoine seo a leanas faoin gcomhaontú – Jean-Claude Juncker, Simon Coveney, Arlene Foster agus Pearse Doherty?

3. Cad a d'fhógair Sráid Downing?

Ceist 4 '…imeacht **na Breataine**…'

Cuir na hainmfhocail thíos sa tuiseal ginideach. Bhí siad le cloisteáil sa mhír.

faoi bhráid Theach (na Teachtaí) _____
i dTithe (an Rialtas) _____
Uachtarán (an Coimisiún Eorpach) _____
Príomh-Aire (an Ísiltír) _____

Oileán (Éire) _____
Seansailéir (an Ghearmáin) _____
Parlaimint (an Bhreatain) _____
ó thaobh aontacht (an tír) _____
Uachtarán (an Chomhairle Eorpach) _____

Téigh siar ar an mír arís le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 5 '…cruinniú...'

Féach ar na leaganacha difriúla den ainmfhocal 'cruinniú'. Lean an patrún céanna chun na bearnaí a líonadh. Ná déan dearmad den riail 'leathan le leathan agus caol le caol'.

an cruinniú
ionad an chruinnithe
na cruinnithe
tábhacht na gcruinnithe

an léiriú
fad _____
na _____
costas na _____

an socrú
am _____
na _____
dátaí _____

an measúnú
torthaí _____
na _____
deacracht _____

Ceist 6 '…faoi bhráid…'

Cuir na frásaí seo in abairtí lena mbrí a léiriú:

faoi bhráid
ar bráid
dul thar bráid

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2
Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

Europe will not re-enter negotiations - *Ní rachaidh an Eoraip i mbun idirbheartaíochta arís*
In sheer desperation – *Le teann éadóchais*
trapped, cornered – *sáinnithe*
in every move (turn) she makes - *i ngach cor a chuireann sí di*
he didn't mince his words – *níor chuir sé fiacail ann*
further clarification – *tuilleadh soiléirithe*
to do away with – *déan ar shiúl le*
fighting a losing battle – *ag snámh in aghaidh easa*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
faoi bhráid Theach **na dTeachtaí**
i dTithe **an Rialtais**
Uachtarán **an Choimisiúin Eorpaigh**
Príomh-Aire **na hÍsiltíre**
Oileán **na hÉireann**
Seansailéir **na Gearmáine**
Parlaimint **na Breataine**
ó thaobh aontacht **na tíre**
Uachtarán **na Comhairle Eorpaí**

Ceist 5
an léiriú
fad *an léirithe*
na *léirithe*
costas na *léirithe*

an socrú
am *an tsocraithe*
na *socruithe*
dátaí *na socruithe*

an measúnú
torthaí *an mheasúnaithe*
na *measúnuithe*
deacracht *na measúnuithe*

Ceist 6
faoi bhráid – *before, in front of, in preparation for*
ar bráid – *on the scene, present*
dul thar bráid – *to pass by*

Maolra Mac Donnchadha
Cuirfear an socrú a bheas[1] déanta faoi imeacht na Breataine as an Aontas Eorpach faoi bhráid Theach na dTeachtaí in Westminster as seo go ceann sé seachtaine, a deir Príomh-Aire na Breataine. Tá Theresa May tar éis casadh le Ceannairí Eorpacha inniu agus tá cruinniú aici leis an Taoiseach i dTithe an Rialtais amárach. Ní rachaidh an Eoraip i mbun idirbheartaíochta arís a deir Jean-Claude Juncker, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, ach beifear in ann soiléireacht, a deir sé, a thabhairt ar nithe, má bhíonn sé sin ag teastáil.

Peadar Mac Gaoithín
Le teann éadóchais, thug Theresa May cuairt ar Phríomh-Aire na hÍsiltíre ar maidin, le gealltanais bhreise a lorg faoin chúlstad ar Oileán na hÉireann, a mhaolódh an míshásamh atá ar Fheisirí Parlaiminte sa bhaile. Ar aghaidh léi ansin go Beirlín[2] ach tá an chuma air go bhfuil sí sáinnithe i ngach cor a chuireann sí di. Ní osclódh doras a cairr nuair a thug sí cuairt ar Sheansailéir na Gearmáine, Angela Merkel, agus thug an Seansailéir le fios nach raibh aon bhealach go bhféadfaí an comhaontú um tharraingt siar a athrú.

In Strasbourg, níor chuir Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Jean-Claude Juncker, fiacail ann – '*there is no room whatsoever for renegotiations'*. Ach, dúirt sé go raibh deis ann tuilleadh soiléirithe a thabhairt faoin chomhaontú.

Dúirt an Tánaiste, Simon Coveney, go gcreideann sé nach bhfágfaidh an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach ag deireadh mhí an Mhárta, gan comhaontú a bheith déanta leis an Aontas. Mar sin féin, dúirt sé go mbeidh Rialtas na hÉireann réidh ar eagla na heagla.

Caithfear déanamh ar shiúl leis an chúlstad a dúirt Ceannaire an DUP, Arlene Foster, arís.

Ní féidir géilleadh air seo agus má leanann Parlaimint na Breataine uirthi[3] mar atá, is cinnte go dtitfidh an Ríocht Aontaithe amach as an Aontas Eorpach gan chomhaontú, a deir Sinn Féin.

Pearse Doherty, TD, Urlabhraí Airgeadais Shinn Féin
Má tharlaíonn sin, caithfidh muidne amharc ar cad iad na réitigh[4] atá againne do na fadhbanna seo, agus go háirithe ó thaobh na teorann de. Agus, ceann de na réitigh sin ná go mbeidh an cheist curtha. An cheist atá mar pháirt de Chomhaontú Aoine an Chéasta, is é sin, go mbeadh reifreann ann ó thaobh aontacht na tíre.

Peadar Mac Gaoithín
Tá cruinnithe sa Bhruiséil tráthnóna ag Theresa May le hUachtarán na Comhairle Eorpaí agus an Choimisiúin Eorpaigh. D'fhógair an Rialtas anseo go dtiocfaidh sí go Baile Átha Cliath tráthnóna amárach do chainteanna leis an Taoiseach faoin chomhaontú. Beidh le feiceáil, an ag snámh in aghaidh easa atá sí.

Níos luaithe, d'fhógair Sráid Downing go gcaithfear vóta ar an chomhaontú i dTeach na dTeachtaí roimh an aonú lá fichead d'Eanáir.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.

---

[1] *a bheidh* an leagan caighdeánach
[2] *Berlin* a dúradh
[3] *air* a dúradh
[4] *réiteacha* a dúradh